

Sainmhíniú ar Ghaelscoil Idirchreidmheach:

Feidhmeoidh Gaelscoil Idirchreidmheach faoi chomhspiorad Caitliceach agus Protastúnach. Tabharfar aitheantas don chaoi a shaibhraíonn an dá chreideamh agus na sainchreidimh laistigh den Phrotastúnachas an saol in Éirinn.

- Spreagfar tuiscint agus inghlacthacht modhanna adhraidh Caitliceach agus Protastúnach.
- Ullmhófar na daltaí do na sacraimint a bhaineann leo
- Leagfar dualgas ar an scoil tábhacht na caoinfhulaingthe a aithint agus a cheiliúradh
- Tá freagracht ar an scoil idirchreidmheach freastal iomlán a dhéanamh ar an dá mhórhraidsiún chríostúil seo agus na siollabais chreidimh reatha atá leagtha síos ag easpaig na nDeoisí cuí a leanacht go hiomlán (nó ag easpaig na gcreideamh éagsúla sna Deoisí a leanacht go hiomlán.) I gcás nach bhfuil ach daltaí de chreideamh amháin cláraithe sa scoil nó sa rang cloífear leis an bpolasaí seo luaithe trí thuiscint a thabhairt do dhaltaí ar an gcreideamh eile
- Áirítear na heaglaisí seo leanas mar eaglaisí protastúnacha:
Eaglais na hÉireann, Eaglais Phreispitéireach, Eaglais Mheitidisteach, Eaglais Bhaisteach, Eaglais Liútarach.
- Áirítear na heaglaisí seo leanas mar eaglaisí Caitliceacha:
Eaglais Chaitliceach Rómhánach, Eaglais Cheartchreidmheach.

Cleachtas

- 1 Tá dualgas ar an mBord Bainistíochta spiorad saineúil na scoile atá ag teacht leis an sainmhíniú de Ghaelscoil idirchreidmheach anseo luaithe a chosaint agus a bheith cuntasach don phátrún as é a chosaint.
- 2 Beidh an Crois ar taispeáint sa scoil mar chomhartha na Críostaíochta. Ní bheidh dealbha na pictiúir dhiaga ar taispeáint timpeall na scoile ach is féidir leis an múinteoir úsáid a bhaint astu ina rang mar áiseanna teagaisc ag amanta cuí i rith na bliana.
- 3 Tá dualgas ar na múinteoirí an dá chreideamh thuasluaite mar atá leagtha síos ag na heaspaig chúí a mhúineadh ina iomláine dá rang taobh istigh d'am oifigiúil na scoile de réir Rialacha do Bhunscoileanna Náisiúnta.

Athbhreithniú:

| | |
|---------------------------|-------------|
| Cruthaithe: | |
| Athbhreithniú déanta: | Eanáir 2015 |
| Athbhreithniú le déanamh: | Eanáir 2019 |